

# ❁ An Lúibín ❁

5 Meán Fómhair 2012

## Fullbright arís

Tá Gaeilge á múineadh i mbeagnach dhá scór meánscoileanna, coláistí agus ollscoileanna sna Stáit Aontaithe. 87 institiúid acadúil agus neamhadadúil ar fad atá ag múineadh Gaeilge, agus tá éileamh ar mhúinteoirí ó Éirinn dá bharr. Tá Clár Malairte Fulbright<sup>1</sup> ann lena soláthar. Tugtar deis do chéimithe le Gaeilge tamall a caitheamh sna Stáit mar thaighdeoirí, mar léachtóirí agus mar chúntóirí Gaeilge. Faoi láthair tá a lán acu ag cur isteach ar dhámhachtainí na bliana 2013-2014. Trí chlár dámhachtainí atá ann agus deontais ag roinnt le gach ceann acu.

Sa bhliain 2011 tugadh dámhachtainí Fulbright do cheathrar scoláirí ó na Stáit chun staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge in Éirinn agus tugadh dámhachtainí taistil Ghaeilge do scór eile chun staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge sa Ghaeltacht. In Éirinn féin tá trí dhream i gceist:

-Mic léinn a bhfuil fonn orthu staidéar iarchéime nó taighde a dhéanamh;

-Scoláirí agus daoine gairmiúla a bhfuil níos ná mó ná cúig bliana de thaithe acu agus atá le bheith ina dtaighdeoirí agus ina léachtóirí Gaeilge;

-Múinteoirí Gaeilge arb áil leo deich mí a chaitheamh i mbun ranganna iarchéime agus ag obair mar chúntóirí múinteoireachta i dteangacha iasachta sna hollscoileanna.

Seachtar a fuair dámhachtainí in Éirinn anuraidh. Orthu sin bhí múinteoirí gaelscoile, mic léinn iarchéime, cúntóirí coláiste samhraidh, comhalta PhD agus láithreoir raidió.

Deirtear go bhfuil suas le 3,000 saoránach Meiriceánach ag foghlaim Gaeilge faoi láthair - timpeall leath na huimhreach atá ag déanamh staidéir ar an nGaeilge ar an tríú leibhéal in Éirinn. Is gearr ó dúirt tuarascáil, áfach, go bhfuil dhá thrian de theagascóirí Gaeilge sna Stáit míshásta leis na hacmhainní atá ar fáil. Aithnítear go bhfuil gá le téacsleabhair agus treoracha gramadaí agus foghraíochta, gan trácht ar thacaíocht ilmheán agus ríomhbhunaithe.

Féach [www.fulbright.ie](http://www.fulbright.ie).



## Cruinneog – clár raidió domhanda

Bhíodh *Scéalta na Cruinne* le cloisteáil ar Raidió na Gaeltachta – Gaeilgeoirí as gach cearn den domhan á gcur féin in iúl. Tá clár nua ag teacht ina áit ar 15 Meán Fómhair: *Cruinneog*. An fear céanna ina bhun – Cearbhall Ó Síocháin.

Mar a deir Cearbhall, is é Raidió na Gaeltachta an stáisiún de chuid RTÉ is mó a n-éistear leis thar lear. Anois tabharfaidh Cruinneog deis do lucht labhartha na Gaeilge ar fud na cruinne a gcuid tuairimí a roinnt lena chéile agus lena leithéidí in Éirinn. Beidh Cruinneog ag gíolcadh ar Twitter, beidh a ghnúis le feiscint ar Facebook agus beidh a nglórtha éagsúla le cloisteáil ar Soundcloud.

<sup>1</sup> Fuair J. William Fulbright, dlíodóir agus Seanadóir Meiriceánach, bás sa bhliain 1995. Bhí suim ar leith aige i ngnóthaí eachtracha agus eisean a bhunaigh Clár Fulbright i ndiaidh an Dara Cogadh Domhanda chun go bhféadfadh scoláirí ó thíortha eile staidéar a dhéanamh sna Stáit.

Déanfar teagmháil le haíonna gach seachtain ar Skype nó a leithéid eile nuair is féidir. Agus beidh fáilte roimh mhíreanna a taifeadadh sa bhaile ach iad a bheith ar chaighdeán craolta (mp3).

Craolfar an clár gach maidin Shathairn idir 11-12 r.n. agus tuairiscí reatha, agallaimh agus comhráit le cloisteáil air. Bheadh Cearbhall buíoch d'aon duine a chuirfeadh i dteagmháil le haíonna suimiúla feasacha cainteacha é.

A sheoladh: *Cearbhall.OSiochain@rte.ie*



## Líofa 2015

Cloistear trácht ar theip na Gaeilge Éigeantaí i bPoblacht na hÉireann agus ar bhláthú na gaelscolaíochta. Ní chloistear an oiread sin faoi dhul chun cinn na teanga i dTuaisceart Éireann, limistéar a luaitear an Ghaeilge de ghnáth le haon dream amháin – na 'náisiúnaigh'. Fiú i measc an dreama sin níl Gaeilge ag formhór na ndaoine.

Shíl Carál Ní Chuilinn, an tAire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, go raibh sé in am tionscadal pobail a dhéanamh den scéal. Cuireadh Líofa 2015 ar bun agus 2,015 duine ar fud an Tuaiscirt á fhógairt go mbeadh Gaeilge ar a dtoil acu faoin mbliain 2015. Tá an cuspóir sin sáraithe, más fíor, agus cuspóir nua de 5,000 duine ann anois.

Tá a lán ladar sa mhias seo – údaráis áitiúla, grúpaí pobail agus eagraíochtaí ar nós Fhoras na Gaeilge. Mar is gnách, tá ranganna ar fáil ag trí leibhéal – tosaitheoirí, measartha líofa agus ardlíofa. Tugtar an-aird ar chleachtadh na cainte, rud is gá chun an teanga a sahlú mar rud beo sa saol beo. Tá an aird chéanna ar an gcaint le fáil sa Dioplóma páirtaimseartha Gaeilge a chuireann Ollscoil Uladh ar fáil.

Bhíodh Gaeilge ag daoine de gach creideamh agus dearcadh i gCúige Uladh. Chuir cúrsaí polaitíochta cor cam sa scéal, ach b'fhéidir go dtiocfadh anuraidh arís.



## Eachtrannach: nóta liteartha

Bíonn doicheall roimh an eachtrannach ach caithfidh sé a bheith ann – chun a chur i gcuimhne dúinn go bhfuil aigne eile ann. Eachtrannaigh a scríobhfaidh litríocht na Gaeilge feasta: scríbhneoirí a tháinig an teanga chucu ar bhealach cam neamhdhíreach. Eachtrannaigh iad i bpobal mór an Bhéarla, ach baill dhílse den phobal sin freisin iad: an dá theanga in aontíos agus in iomaíocht le chéile.

Dúradh an méid seo cheana ach deirimis arís é. Más scríbhneoir Éireannach thú agus an dá theanga agat, tá na trí rogha agat: Gaeilge amháin, Béarla amháin, nó an dá theanga in éineacht. Pé bealach a rachaidh tú, beidh tú ag treisiú le cultúr do thíre sa chiall is leithne – cultúr measctha a chuireann sé féin in iúl trí ghlórtha éagsúla. Más i nGaeilge a scríobhann tú, áfach, aithneoidh tú teorainn i dtíreolaíocht an dúchais agus dhá thórdhreach ann: i gceann acu tá Amhirgin, Gearóid Iarla, na mná caointe, Máirtín Ó Cadhain agus na púcaí sinseartha; sa cheann eile tá litríocht a d'fhág clú ar Éirinn lenár linn.

Is eachtrannach é an scríbhneoir Gaeilge ar dhá dhóigh feasta: gan baint aige go díreach le traidisiún liteartha an tseansaoil a raibh a iarsma le fáil sa Ghaeltacht ná aitheantas éasca le fáil aige i saol liteartha an domhain mhóir. Tá na sinsir tréigthe aige agus níl ann féin ach taibhse i scáthán galánta na teanga eile. Is féidir leis, cinnte, aistriúchán a dhéanamh agus teacht thar teorainn isteach go spleodrach beo. Abair, áfach, nach é sin a rogha. Más ea, b'fhéidir gur fearr a chuid Béarla ná a chuid Gaeilge, é ag iarraidh máistreacht a fháil ar theanga a chúlaíonn roimhe, teanga a shéanann é. Is ionann sin is dúchas nua a chumadh, ceann débhríoch na dúile.

Deis neamhchoitianta atá an eachtrannach, mar sin féin – deis chun a bhealach féin a ghabháil, na sean-nósanna a shéanadh, tabhairt faoi eachtra dá chuid féin. Más mar sin atá tú, ní foláir duit an teanga a athfhoghlaim, a friotal a athmhúnlú, chun í a chur in oiriúint do riachtanais do cháis féin. Déarfá gurb é seo scéal Joyce agus Mháirtín Uí Chadhain, cé gur is dlúithe a bhaineann sé leis an Seoigheach ná leis an múinteoir taghdach deacair ó Chonamara. Ar shlí eile, d'fhéadfaí cuimhneamh ar Ó Flatharta nó Conrad.

Tá cás agus teanga an eachtrannaigh pléite ag an teoiricí Francach Julia Kristeva:<sup>2</sup>

Tá an t-eachtrannach saor ó shrianta na teanga dúchais agus teanga nua foghlamtha aige, teanga a ligeann dó na rudaí is fiáine agus is dána amach a chur in iúl i gcúrsaí intleachta agus graostachta araon.<sup>3</sup>

Pléann sí saoirse uafásach sin an eachtrannaigh agus gan a fhriotail fréamhaithe i réaltacht a dhúchais féin, rud a ligeann dó imeacht le scód sa teanga nua: níl a neamh-chomhfhios beo ina smaoineamh (*son inconscient n'habite pas sa pensée*). Agus sin buntáiste, má tá sé d'éirim ionat leas a bhaint as:

Mura bhfuil baint ag an eachtrannach le faic, féadann sé nasc a bhrath ann féin le gach rud, leis an traidisiún uile, agus is í an éadroime sin i measc cultúr agus oidhreachtaí gan chuimse a ligeann dó nuáil go héaganta éasca.<sup>4</sup>

Cinnte, d'fhéadfadh an éagantacht úd a bheith ann, cé gurb annamh an deis á tapú.

Tá dream eile ann, Gaeilgeoirí a d'fhoghlaim an teanga thar lear agus a chuir rompu dul i mbun pinn inti. Meiriceánach nó dhó, Fionnlannach, Astrálach. An tseancheist romhainn: An féidir saol a bhaineann le teanga áirithe a chur in iúl i dteanga eile? Ní foláir don scríbhneoir úd, eachtrannach eile, tairseach agus tinteán a athcheapadh, an saol a chur as a riocht agus an riocht a chur ina cheart. Tá an tír féin á hathchruthú aige, ós modh tuisceana í teanga. Sin saoirse, más áil linn leas a bhaint aisti.

## An domhan mór

### Suanghalar

Is beag trácht atá ar an suanghalar na laethanta seo, galar ba thrúig bháis do dhaoine san Afraic riamh agus atá ag marú daoine fós ann. Tá tuairisc curtha amach ag Médecins Sans Frontières (MSF) ar an scéal i bPoblacht na hAfraice Láir, an áit is minice a bhfuil an galar le fáil. Drochscéal eile ón Afraic, a déarfá, nuair atá deascéalta go leor le fáil. Ach ní féidir an drochrud ná an drochscéal a sheachaint i gcónaí.

Tá an tír úd (athchoilíneacht Fhrancach) an-bhocht agus éagsúlacht fhíor-Afracach ag baint léi i gcúrsaí daonra, cultúir agus tíreolaíochta. Ní maith an rian a d'fhág míriail na Fraince ná saint na gcomhlachtaí Francacha ar an tír, agus bhí trádálaithe sclábhaithe ag bánú cuid den tír chomh déanach leis an mbliain 1910. Sa bhliain 1928 thosaigh an t-éirí amach ba mhó a tharla riamh in aon choilíneacht Fhrancach (b'fhéidir san Afraic féin), rud a thaispeáin an doicheall a bhí ar phobal na tíre roimh údarás na Fraince agus an obair éigeantais. D'éirigh an tír neamhspleách sa bhliain 1960 agus tá stair chorrach pholaitiúil aici ó shin – rud nár fhág lorg an ratha uirthi. Agus lena chois sin tá an suanghalar gan díothú fós.

An chuil seitse a spréann é. Laige agus teasa ar dhaoine ar dtús agus mearbhall orthu ina dhiaidh sin nuair a théann an galar i bhfeidhm ar lárchóras na néaróg. Éiríonn siad ciotach, codlaíonn siad go corrach agus athraíonn a meon. Tagann támhnéal orthu (an 'suanghalar') agus faigheann siad bás.

Leigheas casta an leigheas is coitianta – is minic an tsnáthaid á himirt agus caithfear dian-aire a thabhairt don othar. Tá sé an-deacair an galar a chóireáil in oirdheisceart na tíre, réigiún iargúlta, ón mbliain 2006 i leith agus ceannaircigh de chuid Uganda, an *Lord's Resistance Army*, ag tabhairt ruathar thar teorainn. Mar sin féin, chaith MSF ocht lá dhéag ann le déanaí agus scrúdaigh 4,534 duine. Scaip lucht leighis na háite an scéal roimh ré, agus tháinig daoine as gach cearn. Orthu sin bhí cailín aon bhliain déag a raibh comharthaí an ghalair le aithint uirthi trí mhí roimhe sin ach nár mhian lena tuismitheoirí í a thabhairt isteach ar lorg leighis ar eagla na mbuionta

<sup>2</sup> Kristeva, Julia. *Étrangers à nous-mêmes*. Fayard 1988, lgh 48-50.

<sup>3</sup> Privés des brides de la langue maternelle, l'étranger qui apprend une nouvelle langue est capable en elle des audaces les plus imprévisibles: aussi bien d'ordre intellectuel qu'obscène.

<sup>4</sup> Car de n'appartenir à rien, l'étranger peut se sentir affilié à tout, à toute la tradition, et cette apesanteur dans l'infini des cultures et des héritages lui procure l'aisance insensée d'innover.

armtha a bhí ag siúl na háite. An scéala faoi MSF a bheith tagtha a spreag chun gnímh iad agus chuaigh siad sa seans. Ach bhí sé ródhéanach; fuair a n-iníon bás.

Tá buanfhadhanna ann: is minic easpa airgid agus foirne ar chláir náisiúnta leighis, agus níl tástálacha éasca ann ná, fós, míochainí béil is féidir a úsáid gan dua ar an iargúil. Idir an dá linn, tá gá leis an aire agus an leigheas a sholáthraíonn banaltraí agus dochtúirí MSF.

Féach [www.msf.org.au](http://www.msf.org.au).

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au) .*

## Leaganacha simplithe

### Fullbright arís

Tá Gaeilge á múineadh ag seacht n-institiúid is ochtó sna Stáit Aontaithe. Tá éileamh ar mhúinteoirí ó Éirinn dá bharr, agus tá Clár Malairte Fulbright in ann iad a sholáthar. Tugtar deis do chéimithe le Gaeilge tamall a caitheamh sna Stáit mar thaighdeoirí, mar léachtóirí agus mar chúntóirí Gaeilge. Faoi láthair tá a lán acu ag cur isteach ar dhámhachtainí<sup>5</sup> na bliana 2013-2014. Mar chuid den mhalartú, beidh scoláirí Meiriceánacha ag déanamh staidéir in Éirinn.

Maidir le Meiriceá, trí dhream atá i gceist:

-Mic léinn a bhfuil fonn orthu staidéar iarchéime<sup>6</sup> nó taighde a dhéanamh;

-Scoláirí agus daoine gairmiúla a bhfuil fonn orthu dul ag obair mar thaighdeoirí agus mar léachtóirí Gaeilge;

-Múinteoirí Gaeilge a bhfuil fonn orthu tamall a cheitheamh ag múineadh ranganna iarchéime agus ag obair mar chúntóirí sna hollscoileanna.

Deirtear go bhfuil suas le 3,000 saoránach Meiriceánach ag foghlaim Gaeilge faoi láthair. Dúirt tuarascáil áirithe le déanaí, áfach, go bhfuil mórán múinteoirí Gaeilge sna Stáit mishásta leis na hacmhainní atá ar fáil. Is dócha go ndéanfar iarracht ar théacsleabhair agus acmhainní eile a chur fáil.

### Suanghalar

Tá an suanghalar<sup>7</sup> ann fós san Afraic. Tá tuairisc curtha amach ag Médecins Sans Frontières (MSF) ar an scéal i bPoblacht na hAfraice Láir, an áit is mó a bhfuil an galar le fáil.

Athchoilíneacht<sup>8</sup> Fhrancach is ea an tír sin agus í an-bhocht. Bhí stair shuaite<sup>9</sup> aici mar choilíneacht – ansmacht agus ceannairc. D'éirigh an tír neamhspleách sa bhliain 1960 agus tá stair chorrach pholaitiúil aici ó shin.

An chuil seitse a spréann an galar. Déanann sé lag thú ar dtús; ansin tagann mearbhall ort. I gceann tamaill tagann támhnéal<sup>10</sup> ort (an 'suanghalar') agus faigheann tú bás.

Leigheas casta atá ann, agus tá sé an-deacair an galar a chóireáil<sup>11</sup> in oirdheisceart na tíre. Réigiún iargúlta atá ann, agus tugann ceannaircigh de chuid Uganda, an *Lord's Resistance Army*, ruathair thar teorainn.<sup>12</sup> Chuaigh MSF ann agus scrúdaigh os cionn ceithre mhíle duine. Bhí cailín óg ann nár thug a tuismitheoirí isteach í ar eagla na mbuíonta armtha a bhí ag siúl na háite. Chuaigh siad sa seans nuair a chuala siad go raibh MSF ann. Ach bhí sé ródhéanach; fuair a n-iníon bás.

Tá easpa airgid agus acmhainní leighis ar an tír, agus sin é an fáth a bhfuil gá chomh mór sin le lucht leighis ón iasachta, idir bhanaltraí agus dhochtúirí.

<sup>5</sup> Dámhachtainí - awards

<sup>6</sup> Staidéar iarchéime – postgraduate study

<sup>7</sup> Suanghalar – sleeping sickness

<sup>8</sup> Athchoilíneacht – previous colony

<sup>9</sup> Stair shuaite – troubled history

<sup>10</sup> Támhnéal - coma

<sup>11</sup> Galar a chóireáil – treat a disease

<sup>12</sup> Ruathair thar teorainn – cross-border raids